2025/2172

30.10.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2172 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Deireadh Fómhair 2025

lena ndeonaítear cosaint san Aontas don Tásc Geografach 'Vaj Ulliri Valmi Elbasan' a cláraíodh sa Chlár Idirnáisiúnta um Ainmniúcháin Tionscnaimh agus um Thásca Geografacha d'Ionstraim na Ginéive

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) agus (2) d'Ionstraim na Ginéive ([2]), féadfaidh Údaráis Inniúla gach Páirtí Chonarthaigh in Ionstraim na Ginéive iarratais a chomhdú chun ainmniúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh a chlárú go hidirnáisiúnta le Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil, arb é a chlaróidh sa Chlár Idirnáisiúnta é i gcomhréir le hAirteagal 6 d'Ionstraim na Ginéive. I gcomhréir le hAirteagal 9 d'Ionstraim na Ginéive, déanfaidh na Páirtithe Conarthacha eile ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe agus tásca geografacha cláraithe a chosaint laistigh dá gcóras dlí féin faoi réir aon diúltú, aon tréigean, aon neamhbhailíochtú nó aon chealú.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 6(4) d'Ionstraim na Ginéive, an 7 Márta 2025, thug Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil fógra don Choimisiún faoin ainm 'Vaj Ulliri Valmi Elbasan', a ndearna an Albáin iarratas ina leith, is é sin go ndearnadh é a thaifeadadh ina Thásc Geografach sa Chlár Idirnáisiúnta um Ainmniúcháin Tionscnaimh agus um Thásca Geografacha faoi Ionstraim na Ginéive.

(3) De bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1753, foilsíodh clárú idirnáisiúnta an Táisc Gheografaigh 'Vaj Ulliri Valmi Elbasan' in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]) chun go bhféadfaí freasúraí a d'fhéadfadh a bheith ann a thaisceadh.

(4) De bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/1753, rinne an Coimisiún measúnú ar chlárú idirnáisiúnta an Táisc Gheografaigh 'Vaj Ulliri Valmi Elbasan' de réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal sin agus tháinig sé ar an gconclúid gur comhlíonadh iad.

(5) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon fhreasúra faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1753, ba cheart an t-ainm 'Vaj Ulliri Valmi Elbasan' a chosaint san Aontas, i gcomhréir le hIonstraim na Ginéive.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta maidir le táirgí talmhaíochta, fíon agus deochanna biotáilleacha faoi Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

([1]) IO L 271, 24.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1753/oj.
([2]) Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2019/1754/oj).
([3]) IO C, C/2025/1846, 21.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1846/oj.
([4]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar an t-ainm ‘Vaj Ulliri Valmi Elbasan’, a cláraíodh ina Thásc Geografach sa Chlár Idirnáisiúnta, a chosaint san Aontas.

Leis an ainm dá dtagraítear sa chéad mhír, sainaithnítear táirge den chineál ‘Ola olóige’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN